Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn

2008

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí
a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a dhéanann urraíocht uirthi.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.
- Scardadh dramhuisce

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

Cáilíocht an Uisce Shnámha in Éirinn

Tuarascáil don Bhliain 2008

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teil: +353 53 9160600 Facs: +353 53 9160699
Ríomhphost: info@epa.ie Láithreán Gréasáin: www.epa.ie

Lóghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2009

Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Cáilíocht an Uisce Shnámha in Éirinn

Tuarascáil don Bhliain 2008

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Cé go ndearnadh gach iarracht chun cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ná an t-údar le freagracht ar bith as caillteanas nó damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág sé gan déanamh, de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo.

Ba í Annmarie Tuohy (EPA) a thiomsaigh na sonraí agus a d'ullmhaigh an tuarascáil seo.

Nóta

Tháinig Treoir nua faoi uisce snámha (Treoir 2006/7/CE) i bhfeidhm an 24 Márta 2006 agus ó 31 Nollaig 2014 amach aisghairfidh sí Treoir 1976 atá anois ann. Bunaíonn Treoir 2006 córas rangaithe nua do cháilíocht uisce shnámha atá bunaithe ar cheithre rangú 'go dona', 'dóthanach', 'go maith' agus 'ar fheabhas' agus ceanglaíonn sí go ginearálta go mbainfí rangú dóthanach amach do na huiscí snámha go léir faoi 2015. Tá bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm go dtí go gcuirfear na Rialacháin nua faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008) i bhfeidhm go hiomlán.

Mar chuid de na bearta idirthréimhseacha sin, rialaigh Rialacháin 1992 (I.R. 155 de 1992) cáilíocht na n-uiscí snámha do shéasúr 2008. Mar gheall ar an idirthréimhse reatha idir an dá Threoir, tá formáid na tuarascála seo éagsúil ar bhealach le tuairiscí ón EPA roimhe ar cháilíocht uisce snámha in Éirinn . Mar chuid den fhormáid sin léirítear an córas rangaithe nua agus déantar é a cheangal le caighdeáin treoracha agus éigeantacha reatha an AE atá sonraithe i dTreoir 1976 maidir le hUisce Snámha ón AE (76/160/CEE). Baineann an rangú 'go maith' le géilliúntas do luachanna treoracha agus éigeantacha, baineann an rangú 'dóthanach' le géilliúntas do na luachanna éigeantacha amháin, agus baineann an rangú 'go dona' le géilliúntas le luachanna treorach amháin. Níl limistéir snámha rangaithe mar 'ar fheabhas' sa tuarascáil seo mar nach bhfuil caighdeáin um uisce snámha i dTreoir 1976 atá comhionann le rangú 'ar fheabhas'.

Buíochas

Ocht gcinn déag d'údaráis áitiúla atá freagrach as cáilíocht na n-uiscí snámha sainithe ina gceantair feidhme féin a sholáthair an fhaisnéis faoi uisce snámha atá sa tuarascáil seo.

Gabhann údar na tuarascála a bhuíochas leis na baill foirne seo a leanas de chuid an EPA a chabhraigh ar bhealaí éagsúla le hullmhú na tuarascála seo: Kirsty Nolan, Deirdre Kirwan, Yvonne Doris agus Ruth Barrington.

Tá buíochas ar leith ag dul do Aisling McElwain as Léarscáil Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2008 a ullmhú agus do Larry Stapleton a sholáthair an grianghraf ar chlúdach na tuarascála.

Is mór againn an comhoibriú a fuaireamar ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An Taisce agus Met Éireann.

Clár Ábhar

Nóta 3

Buíochas 3

Clár Ábhar 4

1 Cúlra 5

1.1 Reachtaíocht 5

1.2 Limistéir Snámha Sainithe 5

1.3 Sampláil 5

1.4 Measúnú ar Ghéilliúntas 5

1.5 Stádas Cáilíocht Uisce 5

1.6 Neamhghéilliúntas Uiscí Snámha 6

1.8 Tuairisciú 6

1.9 Rialacháin Um Scardadh Dramhuisce 6

2 Cáilíocht an Uisce Shnámha in 2008 7

2.1 Cáilíocht na n-Uiscí Snámha Go Léir 7

2.2 Limistéir Snámha Sáile 8

2.3 Limistéir Snámha Fionnuisce 8

2.4 Fachtóirí a Théann i bhFeidhm ar Cháilíocht Uisce 9

3 Athruithe ar Cháilíocht na n-Uiscí Snámha 11

4 Mainneachtain Aisfhillteach 12

5 Bheart Forfheidhmithe 13

6 An Treocht i gCáilíocht Uisce Snámha 1998-2008 15

7 Reachtaíocht Nua faoi Uisce Snámha 16

Aguisín 1 Léarscáil de Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2008 17

Aguisín 2 Géilliúntas & Stádas Cáilíocht Uisce i Limistéir Snámha Sainithe 2008 18

1 Cúlra

1.1 Reachtaíocht

Tá an reachtaíocht a rialaíonn cáilíocht na n-uiscí snámha do shéasúr 2008 leagtha amach sna Rialacháin maidir le Cáilíocht Uiscí Snámha, 1992 (I.R. 155 de 1992) agus sna leasuithe, a thrasuigh an Treoir 76/160/CEE ón AE maidir le cáilíocht uisce snámha. Is é an cuspóir ná cinntiú go gcoimeádfar cáilíocht an uisce shnámha agus go ndéanfar í a fheabhsú más gá ionas go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin sonraithe atá sainithe chun sláinte agus an comhshaol a chosaint.

1.2 Limistéir Snámha Sainithe

Déantar monatóireacht ar 131 limistéar snámha sainithe le linn an tséasúir shnámha, ar limistéir snámha sáile iad 122 díobh agus ar limistéir snámha fionnuisce ar lochanna iad 9 gcinn. Is ionann é sin agus thart ar 0.6 faoin gcéad de na huiscí snámha tuairiscithe san AE. Tháinig méadú ar limistéir snámha sáile ó 65 i 1991 go 122 in 2001 agus tháinig méadú ar limistéir snámha fionnuisce ó chúig cinn i 1992 go naoi gcinn i 1994.

1.3 Sampláil

Is iad na húdaráis áitiúla ábhartha atá freagrach as sampláil (nó as sampláil a eagrú) ag na limistéir snámha sainithe. Ní mór sampláil a dhéanamh ar na limistéir snámha seo uair amháin in aghaidh na coicíse i rith an tséasúir shnámha a shíneann ó 1 Meitheamh go dtí deireadh Lúnasa gach bliain. Tosaíonn monatóireacht coicís roimh thús an tséasúir. Tógtar seacht sampla ar a laghad i rith an tséasúir. Áit a bhfaightear go bhfuil cáilíocht ard sheasmhach ag an uisce,
is féidir minicíocht na monatóireachta a laghdú anuas go dtí ceithre huaire ar a laghad i rith an tséasúir shnámha.

1.4 Measúnú ar Ghéilliúntas

I láthair na huaire tá géilliúntas cháilíocht uisce snámha an AE bunaithe ar fho-thacar de na paraiméadair atá sonraithe in Treoir 76/160/CEE ón AE. Is iad na 5 pharaiméadar micribhitheolaíochta agus fisicheimiceacha a mheastar chun críocha ghéilliúntas an AE ná:

- Iomlán bachaillíní drólannacha
- Bachaillíní drólannacha faecacha
- Olaí mianracha
- Substaintí dromchlaghníomhacha
- Feanóil

Déantar measúnacht ar thorthaí na samplaí a ndearnadh anailís orthu chun féachaint an ngéilleann siad do dhá thacar de chaighdeáin AE atá sonraithe sa Treoir: íoschaighdeáin cháilíochta (luachanna éigeantacha an AE) agus spriocanna cáilíochta níos déine (luachanna treoracha an AE). I gcaitheamh an tséasúir shnámha, ní mór go ngéillfeadh gach limistéar snámha d'íosluachanna éigeantacha an AE. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfadh gach limistéar snámha iarracht luachanna treoracha níos déine an AE a bhaint amach. Tá luachanna éigeantacha agus treoracha an AE do chúig pharaiméadar géilliúntais an AE tugtha i dTábla 1.

1.5 Stádas Cáilíocht Uisce

Tháinig Treoir nua faoi uisce snámha (Treoir 2006/7/CE) i bhfeidhm an 24 Márta 2006 agus ó 31 Nollaig 2014 amach aisghairfidh sí Treoir 1976 atá anois ann. Bunaíonn an Treoir nua caighdeáin mhicribhitheolaíochta níos déine do dhá pharaiméadar nua, Eintreacocais stéigeacha agus *Escherichia coli,* a mbainfear úsáid astu chun uiscí snámha a rangú mar 'go dona', 'dóthanach', 'go maith' agus 'ar fheabhas' (féach cuid 6).

Tá an rangú 'ar fheabhas' thart ar dhá uair chomh dian le luachanna treoracha reatha an AE agus tá an rangú 'go maith' cosúil le luachanna treoracha reatha an AE. Tá an rangú 'dóthanach' níos déine ná luachanna éigeantacha reatha an AE agus ciallaíonn an rangú 'go dona' go bhfuil an t-uisce snámha neamhghéilliúil.

Sa tuarascáil seo um Cháilíocht Uisce Snámha 2008 baintear úsáid as luachanna éigeantacha agus treoracha reatha an AE (Treoir 1976) le haghaidh na bparaiméadar micribhitheolaíochta bachaillíní drólannacha iomlána agus bachaillíní drólannacha faecacha chun na limistéir snámha a rangú mar seo a leanas:

- I gcás géilleadh do luachanna treoracha agus éigeantacha baintear amach stádas cáilíocht uisce '**go maith'**
- I gcás nach ngéillear ach do luachanna éigeantacha baintear amach stádas cáilíocht uisce '**dóthanach'**
- Is ionann neamhghéilliúntas do luachanna éigeantacha agus stádas cáilíocht uisce '**go dona'**

Níl limistéir snámha rangaithe mar 'ar fheabhas' sa tuarascáil seo mar nach bhfuil caighdeáin um uisce snámha i dTreoir 1976 atá comhionann le rangú 'ar fheabhas'.

1.6 Neamhghéilliúntas Uiscí Snámha

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla a chinntiú áit a dteipeann ar aon sampla uisce snámha de réir luachanna éigeantacha an AE um uiscí snámha gogcuirfí an pobal ar a n-eolas faoi sin trí mheán fógraí eolais a chur suas sa limistéar snámha. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla na bearta riachtanacha a ghlacadh chun cinntiú go ngéillear do na caighdeáin.Bearta Forfheidhmithe. Tá ról monatóireachta ag an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil laistigh den EPA maidir le bearta cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil. Maidir le huiscí snámha, tugann an OEE aire leanúnach do chásanna áit nár chomhlíon na huiscí íoschaighdeáin éigeantacha an AE (féach cuid 5).

1.8 Tuairisciú

Caithfidh na húdaráis áitiúla torthaí na samplála a chur faoi bhráid EPA ag deireadh gach séasúir shnámha. Tá an EPA freagrach as torthaí cháilíocht an uisce shnámha a thiomsú agus as an eolas sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Freisin ullmhaíonn an EPA tuarascáil ar uiscí snámha náisiúnta, a fhoilsítear sula dtosaíonn an séasúr snámha nua.

1.9 Rialacháin Um Scardadh Dramhuisce

Tháinig na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair2007 agus sholáthair siad córas chun gach scardadh chuig an timpeallacht uisceach ó chórais séarachais le húdaráis áitiúla, a ndéanann siad a bhainistiú nó a oibriú, a cheadúnú agus a dheimhniú. Soláthraíonn sé sin próiseas don EPA chun coinníollacha a chur i bhfeidhm ar scardadh den sórt sin chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-eisilteach ó ghléasraí cóireála dramhuisce uirbeacha.

Tábla 1 Riachtanais Cháilíochta um Ghéilliúntas Uisce Snámha de réir an AE

Treoir ón CE faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha (76/160/CEE)		
Paraiméadair	Treorach	Éigeantach
Micribhitheolaíoch		
Bachaillíní drólannacha iomlána	≤ 500[1]	≤ 10.000[3]
Bachaillíní drólannacha faecacha	≤ 100[1]	≤ 2.000[3]
Fisiceimiceach		
Olaí mianracha (mg/l)	≤ 0.3[2]	Gan aon sceo a bheith le feiceáil ar bharr an uisce &
Substaintí dromchlaghníomhacha	≤ 0.3[2]	Gan aon chúr marthanach[3]
Feanól (mg/l mar C_4H_3OH)	≤ 0.005[2]	Gan aon bholadh ar leith ≤ 0.05[3]

Nóta 1: ≥ 80% de na samplaí Nóta 2: ≥ 90% de na samplaí Nóta 3: ≥ 95% de na samplaí

2 Cáilíocht an Uisce Shnámha in 2008

2.1 Cáilíocht na n-Uiscí Snámha Go Léir

Rinneadh monatóireacht ar 131 limistéar snámha sainithe le linn séasúr snámha 2008 arbh limistéir sáile iad 122 díobh agus arbh limistéir fhionnuisce iad 9 gcinn díobh. Rinneadh torthaí na samplaí a ndearnadh anailís orthu a mheasúnú le dhá thacar de chaighdeáin AE:

- Géilliúil do luachanna treorach níos déine ag sonrú uisce de stádas '**go maith'**
- Géilliúil d'íosluachanna éigeantacha ag sonrú uisce de stádas '**dóthanach'**
- Is ionann neamhghéilliúntas do luachanna éigeantacha agus stádas cáilíocht uisce '**go dona'**.

In 2008, tá cáilíocht uiscí snámha na hÉireann fós ard agus 93 faoin gcéad de limistéir snámha (122 limistéar as 131) ag géilleadh d'íosluachanna éigeantacha an AE agus ag baint amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach'. Ó 2007 go 2008, tháinig laghdú ceithre faoin gcéad ar an gcion de limistéir snámha a raibh cáilíocht uisce 'dóthanach' iontu (Tábla 2). As na naoi limistéar snámha nár bhain amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach', limistéir sáile a bhí i sé cinn díobh agus limistéir fhionnuisce a bhí i dtrí cinn díobh:

Sáile

- Baile Brigín, Loch Sionnaigh, Mullach Íde, Port Reachrainn (Baile Átha Cliath Fine Gall)
- An Clochán (Co. na Gaillimhe)
- Aird Mhór (Co. Phort Láirge)

Fionnuisce

- Loch Bhaile ua Aile (Co. an Chláir)
- Loch Chaoldra (Co. Liatroma)
- Lilliput, Loch Ainninn. Westmeath).

Ó cuireadh tús le tuairisciú i 1991, is é sin an líon is airde d'uiscí snámha a rangaíodh mar 'go dona' agus is í an chéad bhliain nár bhain gach limistéar snámha fionnuisce amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach'. Tá na limistéir snámha an Clochán agus Baile Brigín fós neamhghéilliúil do chaighdeáin éigeantacha an AE agus tá siad rangaithe mar 'go dona'. Theip ar an gClochán stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' a bhaint amach ar feadh ceithre bliana i ndiaidh a chéile agus níor bhain Baile Brigín stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' amach ach aon uair amháin sna sé bliana seo caite. Tá ceithre cinn de na limistéir snámha sáile a rangaítear mar 'go dona' laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall

In 2008, ghéill 78 faoin gcéad de na limistéir snámha (102 limistéar as 131) leis na luachanna treoracha agus bhain siad amach stádas uisce 'go maith'. Ó 2007 go 2008 tháinig laghdú 2 faoin gcéad ar an gcion de limistéir snámha a raibh cáilíocht uisce 'go maith' acu (Tábla 2)

Figiúr 1 2008 Stádas Cáilíocht Uisce na Limistéar Snámha go Léir



Is í an chúis, den chuid is mó, leis an gcion níos ísle de limistéir snámha a bhain amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' agus stádas uisce 'go maith', ná go raibh níos mó báistí ná mar is gnách i rith shamhradh 2008.

Pointe áirithe ar cheart a thabhairt faoi deara ná gur bhain na limistéir snámha sainithe go léir laistigh de na cúig cheantar údaráis áitiúil seo a leanas amach stádas uisce 'go maith': Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae na Mí.

Cé go bhfuil an leibhéal iomlán de cháilíocht uisce snámha fós inghlactha, déantar líon beag de limistéir snámha a rangú mar 'go dona' i gcónaí. Tá bearta dóthanacha ag teastáil lena n-áireofar saoráidí oiriúnacha um chóireáil dramhuisce chun go ngéillfeadh na limistéir snámha sin do chaighdeáin an AE. Sa bhreis air sin, mar gheall ar an mbáisteach níos airde i gcaitheamh an tsamhraidh le blianta beaga anuas, ní mór bearta a ghlacadh chun an tionchar a bhíonn aici ar limistéir snámha a íoslaghdú lena n-áirítear cloí le deachleachtais talmhaíochta.

2.2 Limistéir Snámha Sáile

I gcaitheamh shéasúr 2008, rinneadh monatóireacht ar 122 limistéar snámha sáile sainithe in Éirinn. Ghéill 95 faoin gcéad de na limistéir snámha saile sin (116 limistéar as 122) le híosluachanna éigeantacha an AE agus bhain siad amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach'. Is ionann é sin agus laghdú 2 faoin gcéad nuair a chuirtear i gcomparáid le 2007 é (Tábla 2).

Bhí stádas uisce 'go dona' ag sé cinn de limistéir snámha sáile. Níor ghéill Baile Brigín do na caighdeáin éigeantacha i leith na mbachaillíní drólannacha iomlána ná na mbachaillíní drólannacha faecacha agus níor ghéill an Clochán, Loch Sionnaigh, Mullach Íde, Port Reachrainn agus Aird Mhór do na híoschaighdeáin éigeantacha i leith na mbachaillíní drólannacha faecacha (Tábla 3).

Figiúr 2 2008 Stádas Cáilíocht Uisce Limistéir Snámha Sáile



Ghéill 80 faoin gcéad de na limistéir snámha (98 limistéar 131) do na luachanna treoracha is déine de chuid an AE agus bhain siad amach stádas uisce 'go maith'. Is ionann é sin agus laghdú 1 faoin gcéad nuair a chuirtear i gcomparáid le 2007 é (féach Tábla 2).

2.3 Limistéir Snámha Fionnuisce

Rinneadh monatóireacht ar naoi limistéar snámha fionnuisce sainithe in Éirinn i rith shéasúr 2008, bhain sé limistéar snámha (67%) amach cáilíocht uisce 'dóthanach' (chomhlíon siad íosluachanna éigeantacha an AE) agus bhí cáilíocht uisce 'go dona' sna trí cinn eile acu. Ó 2007 go 2008 tháinig laghdú suntasach de 33 faoin gcéad ar an gcion de limistéir snámha fionnuisce a bhain amach stádas uisce 'dóthanach' (Tábla 2). Ó cuireadh tús le tuairisciú i 1992, bhain gach limistéar snámha fionnuisce amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' ach amháin in 2008.

Bhí stádas 'go dona' ag trí limistéar snámha fionnuisce (Loch Bhaile ua Aile, Loch Chaoldra agus Lilliput Loch Ainninn) mar nár chomhlíon

siad an caighdeán éigeantach i leith bachaillíní drólannacha faecacha. (Tábla 3).

Ghéill 44 faoin gcéad de limistéir snámha fionnuisce (4 limistéar as 9) le luachanna treoracha déine an AE agus bhain siad amach stádas cáilíocht uisce 'go maith'. Is ionann é sin agus laghdú 22.2 faoin gcéad nuair a chuirtear i gcomparáid le 2007 é.

Figiúr 3 2008 Stádas Cháilíocht an Uisce i Limistéir Snámha Fionnuisce



2.4 Fachtóirí a Théann i bhFeidhm ar Cháilíocht Uisce

Nuair a thiteann go leor báistí d'fhéadfadh go rithfeadh ábhar truaillithe ó ghoirt agus feirmeacha nó ó cheantair faoi fhoirgnimh isteach sa sruthchúrsa is gaire a iompraíonn an t-ábhar truaillithe chuig limistéir snámha ansin. Freisin d'fhéadfadh go dtiocfadh sceitheadh comhshéarach chun cinn i gcás leibhéal ard báistí toisc go dtarlaíonn sé sa chuid is mó de chórais bhailiúcháin go sreabhann uisce báistí isteach sna séaraigh chéanna le dramhuisce agus mar sin go dtagann méadú mór ar an líon dramhuisce.

Mar thoradh ar chórais aimsire lagbhrú gar d'Éirinn nó thairsti bhí sraith de chórais tosaigh ón Atlantach ar fud na tíre i gcaitheamh an chuid is mó den samhradh in 2008, agus mar thoradh air sin thit leibhéal suntasach báistí. Chuaigh truailliú idirleata a d'éirigh as sceitheadh báistí agus forsceitheadh comhshéarach i bhfeidhm ar cháilíocht roinnt uiscí snámha agus mar thoradh air sin bhain líon níos lú de limistéir snámha amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' agus stádas uisce 'go maith' amach in 2008.

Tábla 2 Comparáid idir Stádas Cháilíocht an Uisce Shnámha in 2007 agus 2008

	Sáile		Fionnuisce		Iomlán	
	2007	2008	2007	2008	2007	2008
Líon na limistéar snámha	122	122	9	9	131	131
Líon na limistéar snámha a bhain amach cáilíocht uisce 'dóthanach'	118	116	9	6	127	122
Céatadán d'uiscí snámha a bhfuil cáilíocht uisce 'dóthanach' acu	97%	95%	100%	67%	97%	93%
Líon na limistéar snámha a bhain amach cáilíocht uisce 'go maith'	99	98	6	4	105	102
Céatadán d'uiscí snámha a bhfuil cáilíocht uisce 'go maith' acu	81%	80%	67%	45%	80%	78%

Tábla 3 Forbhreathnú ar Limistéir Snámha nár ghéill do Luachanna Treoracha agus/nó Éigeantacha an AE in 2008

Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	Cineál	Paraiméadar Mainneachtana
Níor ghéill do Luachanna Éigeantacha agus Treoracha an AE			
Comhairle Contae an Chláir	Loch Bhaile ua Aille	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae Fhine	Baile Brigín	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	Loch Sionnaigh	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	Mullach Íde	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	Port Reachrainn	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Comhairle Chontae na	An Clochán	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae Liatroma	Loch Chaoldra	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae Phort	Aird Mhór	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae na	Lilliput, Loch Ainninn	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Níor ghéill do Luachanna Treoracha an AE			
Comhairle Contae Chorcaí	An Caisleán Cria	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
	Baile Mhóntáin	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	Eochaill, an príomhthrá	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Cathrach Bhaile	Trá Mhuirfin	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	Dumhach Thrá	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Comhairle Contae Fhine	Domhnach Bat	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	An Ros, Trá Theas	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
	Na Sceirí	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
	Cill Fhionntain, Trá an Choinicéir	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Dún Laoghaire-Ráth an	Cill Iníon Léinín	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Comhairle Chontae na	Áit snámha i bPort Omna	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha faecacha
	Na Forbacha	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
	An Spidéal, príomhthrá	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae Lú	Rinn na Mara	Sáile	Bachaillíní drólannacha iomlána
Comhairle Contae Shligigh	An Ros	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Comhairle Contae Phort	Dún Mór, Trá an Chonsailéara	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
	Trá Mhór, príomhthrá	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha
Comhairle Contae na	Port na Seangan, Loch Ainninn	Fionnuisce	Bachaillíní drólannacha iomlána
Comhairle Contae Loch	Dún Canann	Sáile	Bachaillíní drólannacha faecacha,
Comhairle Contae Chill	Bré	Sáile	Bachaillíní drólannacha iomlána

*Nóta: Níor ghéill na limistéir snámha sin do luach éigeantach an AE le haghaidh an pharaiméadair bachaillíní drólannacha faecacha amháin; níor chomhlíon siad luach treorach an AE don dá pharaiméadar.

3 Athruithe ar Cháilíocht na n-Uiscí Snámha

Tháinig athrú ar stádas 24 limistéar snámha idir 2007 agus 2008 (Tábla 4). Tháinig laghdú ar cháilíocht uisce i 15 limistéar snámha, bhí stádas uisce 'go dona' i seacht gcinn de na limistéir snámha sin agus tháinig laghdú ar na hocht limistéar snámha eile ó stádas uisce 'go maith' go stádas 'dóthanach'.

Tugadh feabhsúcháin faoi deara ag naoi limistéar snámha ar bhain dhá cheann acu, Na Forbacha (Co. na Gaillimhe) agus Eochaill (Co. Chorcaí) amach géilliúntas agus stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' agus tháinig feabhas ar sheacht limistéar snámha ó stádas 'dóthanach' go stádas uisce 'go maith'. Ba iad na limistéir snámha sin ná Port Mearnóg (Baile Átha Cliath, Fine Gall), Trá Chaladh bhFuinnse (Co. na Gaillimhe, An Inse/Baile an Bhiataigh (Co. na Mí), Enniscrone Shligigh), Bun Machan (Co. Phort Láirge), Dún Mór príomhthrá (Co. Phort Láirge) agus na Clocha Liatha (Co. Cill Mhantáin).

Tábla 4 Athruithe ar Stádas Cháilíocht an Uisce i Limistéir Snámha Sainithe idir 2007 agus 2008

Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	2007	2008	Treocht
Contae an Chláir	Loch Bhaile ua Aille, Inis	Dóthan	Go Dona	↓
Contae Chorcaí	An Caisleán Cria	Go	Dóthanac	↓
	Baile Mhóntáin	Go	Dóthanac	↓
	Eochaill	Go	Dóthanac	↑
Cathair Bhaile Átha Cliath	Dumhach Thrá	Go	Dóthanac	↓
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Cill Iníon Léinín	Go	Dóthanac	↓
Baile Átha Cliath Fine Gall	Loch Sionnaigh	Dóthan	Go Dona	↓
	Mullach Íde	Dóthan	Go Dona	↓
	Port Mearnóg	Dóthan	Go Maith	↑
	Port Reachrainn	Go	Go Dona	↓
	An Ros, Trá Theas	Go	Dóthanac	↓
Contae na Gaillimhe	Na Forbacha	Go	Dóthanac	↑
	Trá Chaladh bhFuinnse	Dóthan	Go Maith	↑
Contae Liatroma	Loch Chaoldra	Dóthan	Go Dona	↓
Contae na Mí	An Inse/Baile an Bhiataigh	Dóthan	Go Maith	↑
Contae Shligigh	Inis Crabhann	Dóthan	Go Maith	↑
Contae Phort Láirge	Aird Mhór	Dóthan	Go Dona	↓
	Bun Machan	Dóthan	Go Maith	↑
	Dún Mór, Trá an Chonsailéara	Go	Dóthanac	↓
	Dún Mór, príomhthrá	Dóthan	Go Maith	↑
	Trá Mhór, príomhthrá	Go	Dóthanac	↓
Contae na hIarmhí	Lilliput, Loch Ainninn	Go	Go Dona	↓
	Port na Seangán, Loch Uail	Go	Dóthanac	↓
Contae Chill Mhantáin	Na Clocha Liatha	Dóthan	Go Maith	↑

Go	Cáilíocht Uisce 'go maith'	D	Cáilíocht Uisce 'dóthanach'	G	Cáilíocht Uisce 'go dona'

4 Mainneachtain Aisfhillteach

Ar bhonn anailíse ar stádas cháilíocht an uisce do na limistéir snámha sainithe uile don tréimhse 2003-2008, is iad seo a leanas na limistéir snámha is measa a chruthaigh maidir leis an ngéilliúntas iomlán do chaighdeáin an uisce shnámha (Tábla 5):

- Baile Brigín (Baile Átha Cliath Fine Gall)
- An Clochán (Co. na Gaillimhe)
- Aird Mhór (Co. Phort Láirge)
- Mullach Íde (Baile Átha Cliath Fine Gall)
- Na Forbacha (Co. na Gaillimhe)
- Dún Mór, príomhthrá (Co. Phort Láirge).

Ábhar imní faoi leith iad na limistéir snámha an Clochán agus Baile Brigín, a raibh stádas 'go dona' acu ar feadh trí bliana i ndiaidh a chéile agus ceithre bliana i ndiaidh a chéile faoi seach.

Thar an tréimhse 2003-2008 ba í 2005 an t-aon bhliain amháin a bhain Baile Brigín amach cáilíocht uisce 'dóthanach'.

Faoin Treoir nua maidir le huisce snámha (Treoir 2006/7/CE), ceanglaítear ar údarás áitiúil cosc buan ar shnámh a eisiúint nó moladh gan snámh a dhéanamh maidir le limistéar a rangaíodh mar 'go dona' ar feadh cúig bliana i ndiaidh a chéile. Dhéanfaí an limistéar i gceist a dhírangú agus ní cheapfaí mar uisce snámha é a thuilleadh. Tar éis Treoir 2006 a chur i bhfeidhm, má tá cáilíocht uisce an Chlocháin fós go dona dhéanfaí an limistéar snámha a dhírangú.

Tábla 5 Limistéir Snámha nár bhain amach Cáilíocht Uisce 'Dóthanach' thar an tréimhse 2003-2008

Limistéar Snámha	2003	2004	2005	2006	2007	2008	Líon Mainneacht
Baile Brigín	Go	Go	Dóthan	Go	Go	Go	5
An Clochán	Go	Dóthan	Go	Go	Go	Go	4
Aird Mhór	Dóthan	Go	Go	Dóthan	Dóthan	Go	2
Mullach Íde	Go	Go	Go	Go	Dóthan	Go	2
Na Forbacha	Go	Go	Go	Dóthan	Go	Dóthan	2
Dún Mór, príomhthrá	Dóthan	Go	Go	Go	Dóthan	Go	2
Loch Bhaile ua Aille	Go	Go	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Go	1
Loch Sionnaigh	Go	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Go	1
Port Reachrainn	Go	Go	Go	Go	Go	Go	1
Loch Chaoldra	Go	Go	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Go	1
Lilliput, Loch Ainninn	Go	Go	Go	Go	Go	Go	1
Na Sceirí	Dóthan	Go	Go	Go	Dóthan	Dóthan	1
Trá Bhré	Go	Dóthan	Go	Go	Dóthan	Dóthan	1
An Choim, Acaill	Go	Go	Go	Go	Go	Go	1
An Spidéal (príomhthrá)	Go	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Dóthan	Dóthan	1
Trá Mhuirfin	Go	Dóthan	Go	Go	Dóthan	Dóthan	1
Cill Fhionntain, Trá an	Dóthan	Dóthan	Go	Dóthan	Dóthan	Dóthan	1
Eochaill	Go	Go	Go	Go	Go	Dóthan	1

Go	Cáilíocht Uisce 'go maith'	Dó	Cáilíocht Uisce 'dóthanach'	G	Stádas Cáilíocht Uisce

5 Bheart Forfheidhmithe

Tá ról maoirseoireachta ag an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil (OEE) laistigh den EPA mar a fhoráiltear dó faoi Alt 63 de na hAchtanna EPA, maidir le bearta cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil. Cuimsíonn sé sin comhairle agus treoir a thabhairt, iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus, nuair is gá, Treoracha atá ina gceangal dlí a eisiúint. Maidir le huiscí snámha, tugann an OEE aire leanúnach do chásanna nuair nár chomhlíon na huiscí íoschaighdeáin éigeantacha an AE. Leagann an chuid seo amach gníomhartha forfheidhmithe a glacadh de bharr na tuarascála ar uisce snámha roimh an gceann seo, a phléigh le séasúr snámha 2007.

In 2007, bhí stádas 'go dona' ag ceithre limistéar snámha Baile Brigín (Co. Bhaile Átha Cliath), an Clochán (Co. na Gaillimhe), Na Forbacha (Co. na Gaillimhe) agus Eochaill (Co. Chorcaí. Níor chomhlíon Baile Brigín caighdeáin éigeantacha an AE i leith na mbachaillíní drólannacha iomlána ná na bachaillíní drólannacha faecacha, agus níor chomhlíon an Clochán, na Forbacha ná Eochaill na caighdeáin éigeantacha i leith bachaillíní drólannacha faecacha.

Maidir le ceantar snámha Bhaile Brigín, thug Comhairle Contae Fhine Gall tuairisc don EPA go raibh uasghrádú ar an ionad cóireála um dhramhuisce uirbeach agus oibreacha bainteacha ag teastáil chun cáilíocht an uisce shnámha a fheabhsú. Tá críoch curtha leis an uasghrádú ar an ionad cóireála dramhuisce i mBarr na gCaorach. Tá oibreacha breise ar an líonra séarach le bheith críochnaithe in 2011. Tar éis di moladh a fháil ón EPA, d'aontaigh Comhairle Contae Fhine Gall fógraí a chur suas ag an trá idir an dá linn chun snámhaithe a chur ar a n-eolas faoi cháilíocht an uisce shnámha. Fuarthas iarratas ar cheadúnas um scardadh dramhuisce i dtaobh cheirtleán Bhaile Brigín/Na Sceirí (Tag: D00023-01) ón údarás áitiúil agus tá sé á mheas ag an EPA faoi láthair.

Faoi Alt 63 (6) de na hAchtanna EPA, d'eisigh an EPA Treoir a threoraigh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibreacha sonraithe a dhéanamh ag an ionad cóireála dramhuisce sa Chlochán chun feabhas a chur ar an eisilteach as na hoibreacha, arbh é an príomhfhachtóir a bhí freagrach as drochcháilíoht an uisce shnámha. Beidh ionad cóireála dramhuisce ag teastáil chun go ngéillfeadh an Clochán do chaighdeáin an AE i leith uisce snámha. Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe le fios go bhfuil siad ag súil go mbeidh an t-ionad cóireála dramhuisce tógtha faoi dheireadh 2010. Tar éis di moladh a fháil ón EPA, d'aontaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe fógraí a chur suas ag an trá idir an dá linn chun snámhaithe a chur ar a n-eolas faoi cháilíocht an uisce shnámha. Fuarthas iarratas ar cheadúnas um scardadh dramhuisce i dtaobh an cheirtleáin seo (Tag: D0198-01) ón údarás áitiúil agus tá sé á mheas ag an EPA faoi láthair.

Freisin d'iarr an EPA ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, faoi Alt 63(1) de na hAchtanna EPA, tuairisc a thabhairt ar an gcúis leis an neamhghéilliúntas agus ar na gníomhartha a glacadh agus na gníomhartha a bhí beartaithe chun dul i ngleic leis an mainneachtain i leith uisce snámha sna Forbacha in 2007. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe monatóireacht imscrúdaitheach agus thug sí faoi shuirbhéanna ar umair sheipteacha sa dobharchantar. De bharr na n-imscrúduithe d'eisigh an t-údarás áitiúil Fógra Alt 12 faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce ar shaoráid ceadúnaithe taobh

leis an limistéar snámh, ag treorú dóibh ionad nua cóireála dramhuisce a shuiteáil agus cóireáil U.V. a áireamh ann. Chuir an tsaoráid ceadúnaithe na hoibreacha cóireála ar bun.

I gcás Eochaille, faoi Alt 63(1) de na hAchtanna EPA, d'iarr an EPA ar Chomhairle Contae Chorcaí tuairisc a chur ar fáil ar an gcúis leis an neamhghéilliúntas agus ar na gníomhartha a glacadh agus na gníomhartha a bhí beartaithe chun dul i ngleic leis an mainneachtain i leith uisce snámha in Eochaill in 2007. Thug Comhairle Contae Chorcaí tuairisc don EPA go raibh uasghrádú ar an ionad cóireála dramhuisce ag teastáil chun cáilíocht an uisce shnámha a fheabhsú. Tá scéim shéarachais Eochaille le bheith curtha i gcríoch faoi dheireadh 2011. Fuarthas iarratas ar cheadúnas um scardadh dramhuisce i dtaobh an cheirtleáin seo (Tag: D0139-01) ón údarás áitiúil agus tá sé á mheas ag an EPA faoi láthair.

Tá an OEE ag leanúint an cháis leis na húdaráis áitiúla ábhartha maidir leis an gcúis le mainneachtain i leith uisce snámha agus na bearta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na fadhbanna maidir leis na limistéir snámha seo a leanas nár chomhlíon caighdeáin éigeantacha an AE in 2008: Loch Sionnaigh (Co. Bhaile Átha Cliath); Mullach Íde (Co. Bhaile Átha Cliath); Port Reachrainn (Co. Bhaile Átha Cliath); Loch Bhaile ua Aile (Co. an Chláir); Loch Chaoldra (Co. Liatroma); Aird Mhór (Co. Phort Láirge) agus Lilliput, Loch Ainninn (Co. na hIarmhí).

6 An Treocht i gCáilíocht Uisce Snámha 1998-2008

Le deich mbliana anuas tá cáilíocht an uisce sna limistéir sainithe in Éirinn go hard i gcónaí. D'fhan an céatadán de limistéir snámha a bhfuil cáilíocht uisce 'dóthanach' acu an-seasta idir 92 agus 99 faoin gcéad agus d'athraigh an céatadán de limistéir snámha a bhfuil cáilíocht uisce 'go maith' acu idir 77 agus 92 faoin gcéad.

Thar an tréimhse chéanna, d'fhan an céatadán de limistéir snámha sáile a bhfuil cáilíocht uisce 'dóthanach' acu seasta go leor idir 95 agus 99 faoin gcéad agus bhí an céatadán de limistéir snámha a bhfuil cáilíocht uisce iontu éagsúil idir 80 agus 92 faoin gcéad.

Bhain gach limistéar snámha fionnuisce amach stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' go dtí 2008. D'fhan an céatadán de limistéir snámha fionnuisce a bhfuil cáilíocht uisce 'go maith' acu ag leibhéal ard de 88.9 faoin gcéad go dtí 2004, agus bhí buaic de 100 faoin gcéad ann ó 2002 go 2003. Ní leanann an treocht sin ar aghaidh ó 2005 go 2008 mar gur tháinig laghdú ar cháilíocht uisce. Is í an chúis leis an laghdú ar cháilíocht uisce snámha in 2007 agus 2008 ná go raibh an leibhéal báistí níos airde ná mar is gnách sna tréimhsí samhraidh sin.

Figiúr 4 Cáilíocht an Uisce Shnámha 1998-2008



Tábla 6 An Treocht i gCáilíocht an Uisce Shnámha (1998-2008)

	Sáile			Fionnuisce		
	Limistéir Snámha	Cáilíocht Uisce 'Dóthanach' (%)	Cáilíocht Uisce 'Go Maith' (%)	Limistéir Snámha	Cáilíocht Uisce 'Dóthanach' (%)	Cáilíocht Uisce 'Go Maith' (%)
1998	121	98.4	80.2	9	100	88.9
1999	121	98.3	89.3	9	100	88.9
2000	121	98.3	91.7	9	100	88.9
2001	122	97.5	87.7	9	100	88.9
2002	122	97.5	83.6	9	100	100
2003	122	96.7	83.6	9	100	100
2004	122	97.5	87.7	9	100	88.9
2005	122	95.9	91.8	9	100	77.7
2006	122	96.7	90.9	9	100	77.7
2007	122	96.7	81.1	9	100	66.7
2008	122	95.1	80.3	9	66.7	44.4

Nóta: Stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' - géilleadh do luachanna éigeantacha an AE amháin.
Stádas cáilíocht uisce 'go maith' - géilleadh do luachanna treoracha agus éigeantacha an AE.

7 Reachtaíocht Nua faoi Uisce Snámha

Tháinig Treoir nua faoi uisce snámha (Treoir 2006/7/CE) i bhfeidhm an 24 Márta 2006 agus ó 31 Nollaig 2014 amach aisghairfidh sí Treoir 1976 atá anois ann. Is láidre a díríonn an Treoir nua ar chosaint shláinte an phobail.

Leagann sí síos caighdeáin mhicribhitheolaíochta níos déine don dá pharaiméadar nua, eintreacocais stéigeacha agus *Escherichia coli*, a mbaintear feidhm astu d'fhonn na huiscí snámha a rangú sna hearnálacha 'go dona', 'dóthanach', 'go maith' agus 'ar fheabhas'. Déanfar an rangú seo ar bhonn torthaí monatóireachta ceithre shéasúr snámha as a chéile. Dá bharr seo is lú an éifeacht a bheidh ag drochaimsir nó ag teagmhais aon uaire ar an rangú. Go ginearálta éileofar an rangú 'dóthanach' ar a laghad do gach limistéar snámha faoi 2015.

Éilíonn an Treoir freisin cur chuige níos réamhghníomhaí i dtreo bainistiú ar uisce snámha,
ag éileamh go n-ullmhófaí próifílí uisce snámha agus go ndéanfaí measúnú ar na cúiseanna truaillithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar uiscí snámha agus dul i bhfeidhm go dona ar shláinte snámhaithe. Ceanglaíonn an Treoir freisin go gcuirfí rannpháirtíocht an phobail chun cinn, sa chaoi is go mbeadh na daoine in ann rogha eolasach a dhéanamh faoin áit is faoin uair le dul ag snámh is go mbeidís rannpháirteach sa chur i bhfeidhm.

Thrasuigh na Rialacháin nua faoi Cháilíocht an Uisce Shnámha 2008 (IR Uimh. 79 de 2008) Treoir 2006 maidir le hUisce Snámha ón AE i nDlí na hÉireann an 24 Márta 2008. Beidh bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm go dtí go gcuirfear na Rialacháin i bhfeidhm go hiomlán. Glacfar leis gurb 'uiscí snámha sainaitheanta' iad na huiscí snámha sainithe atá anois ann, go dtí go sainaithneofar na huiscí snámha faoi 2011. Leanfaidh an séasúr snámha agus an féilire monatóireachta (in aghaidh na coicíse) atá anois ann ar aghaidh go dtí go mbunófar féilirí monatóireachta nua. Leanfaidh na socruithe monatóireachta atá anois ann, ar nós na bparaiméadar micribhitheolaíoch agus fisiciceimiceach, ar aghaidh go dtí go ndéanfar socruithe nua.

Aguisín 1 Léarscáil de Cháilíocht Uisce Shnámha na hÉireann 2008



Aguisín 2 Géilliúntas & Stádas Cáilíocht Uisce i Limistéir Snámha Sainithe 2008

Údarás Áitiúil atá Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce	Comhlíonadh le Luachanna Éigeantacha an AE	
Comhairle Contae an	Loch Bhaile ua Aille, Inis	Go Dona	X	X
	Baile Uí Chogaráin	Go Maith	√	√
	Ceathrú an Easpaig	Go Maith	√	√
	Cé na Ceapaí, Cill Rois	Go Maith	√	√
	Fánóir	Go Maith	√	√
	Cill Chaoi	Go Maith	√	√
	An Leacht	Go Maith	√	√
	Baile Uí Bheoláin, Loch Deirgeirt	Go Maith	√	√
	Rinn na Spáinneach	Go Maith	√	√
	An Trá Bhán, An Dún Beag	Go Maith	√	√
	An Trá Bhán, Sráid na Cathrach	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Chorcaí	Bá na hEornan	Go Maith	√	√
	An Caisleán Cria, Eochaill	Dóthanac	√	X
	Cúl Méine	Go Maith	√	√
	Baile Mhóntáin	Dóthanac	√	X
	Baile Ghearóid	Go Maith	√	√
	Garraí Lúcáis, Trá Bhán	Go Maith	√	√
	Garraí Bhó	Go Maith	√	√
	Inis an Duine	Go Maith	√	√
	Abha na hInse	Go Maith	√	√
	Ceann an Bhóthair	Go Maith	√	√
	Tráig na Móna	Go Maith	√	√
	An Coinicéar	Go Maith	√	√
	Eochaill, Príomhthrá	Dóthanac	√	X
Comhairle Contae Dhún	Baile Thiarnáin, Fánaid	Go Maith	√	√
	Bun Dobhráin	Go Maith	√	√
	Carraig Fhinn	Go Maith	√	√
	Cúil Dabhcha	Go Maith	√	√
	Na Dúnaibh	Go Maith	√	√
	Droim na Tine	Go Maith	√	√
	Fionn Trá	Go Maith	√	√
	Trá na Cille	Go Maith	√	√
	Trá na mBan, Bun Cranncha	Go Maith	√	√
	Lisfannon	Go Maith	√	√
	Cnoc an Mharmair	Go Maith	√	√
	Muirbheach	Go Maith	√	√
	An Fhearthainn, Port Nua	Go Maith	√	√
	Port Artúir, Doirí Beaga	Go Maith	√	√
	Port na Bláiche	Go Maith	√	√
	Port an tSalainn	Go Maith	√	√
	Ráth Maoláin	Go Maith	√	√
	Ros Neamhlach	Go Maith	√	√
	An tSrúibh	Go Maith	√	√

Údarás Áitiúil atá Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce	Comhlíonadh le Luachanna Éigeantacha an AE	
Comhairle Cathrach	Cnocán Doirinne	Go Maith	√	√
	Trá Mhuirfin	Dóthanac	√	X
	Dumhach Thrá	Dóthanac	√	X
Dún Laoghaire-Ráth an	Cill Iníon Léinín	Dóthanac	√	X
	Rinn na Mara	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Fhine	Baile Brigín	Go Dona	X	X
	Domhnach Bat	Dóthanac	√	X
	Loch Sionnaigh	Go Dona	X	X
	Mullach Íde	Go Dona	X	X
	Port Mearnóg	Go Maith	√	√
	Port Reachrainn	Go Dona	X	X
	An Ros, Trá Theas	Dóthanac	√	X
	Na Sceirí	Dóthanac	√	X
	Cill Fhionntain, Trá an Choinicéir	Dóthanac	√	X
Comhairle Chontae na	An Cnoc, Indreabhán	Go Maith	√	√
	Áit Snámha i Loch Riach	Go Maith	√	√
	Áit snámha i bPort Omna	Dóthanac	√	X
	Trá ag Cé an Spidéil	Go Maith	√	√
	Cill Mhuirbhigh, Inis Mór	Go Maith	√	√
	An Clochán	Go Dona	X	X
	Goirtín, Cloch Na Rón	Go Maith	√	√
	Na Forbacha	Dóthanac	√	X
	An Spidéal, Príomhthrá	Dóthanac	√	X
	Trá An Dóilín, An Cheathrú Rua	Go Maith	√	√
	Trá Chaladh bhFuinnse	Go Maith	√	√
	Trácht, Cinn Mhara	Go Maith	√	√
Comhairle Cathrach na	Bóthar na Trá	Go Maith	√	√
	An Trá Gheal	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Chiarraí	Baile an Sceilg	Go Maith	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Go Maith	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Theas	Go Maith	√	√
	Baile Uí Thaidhg	Go Maith	√	√
	Trá na Beannaí	Go Maith	√	√
	Caisleán Ghriaire	Go Maith	√	√
	Doire Fhionáin	Go Maith	√	√
	An Fhianait	Go Maith	√	√
	Inse	Go Maith	√	√
	Inny, An Coireán	Go Maith	√	√
	Na Cealla	Go Maith	√	√
	Machaire Beag, Caisleán Ghriaire	Go Maith	√	√
	Ros Beithe, Trá Bhán	Go Maith	√	√
	Ceann Trá	Go Maith	√	√
	Trá Bhán, Cathair Saidhbhín	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Lú	Ceann Chlochair	Go Maith	√	√
	An Port, An Lorgain Bhuí	Go Maith	√	√
	Rinn na Mara	Dóthanac	√	X
	Cnoc na Cáithe/Baile an Teampaill	Go Maith	√	√

Údarás Áitiúil atá Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce	Comhlíonadh le Luachanna Éigeantacha an AE	
Comhairle Contae	Loch Chaoldra	Go Dona	X	X
Comhairle Contae Mhaigh	Bertra	Go Maith	√	√
	Ceathrú Mhór	Go Maith	√	√
	Dumha Goirt	Go Maith	√	√
	Dumha Éige, Acaill	Go Maith	√	√
	Cuan Eillí, Béal an Mhuirthead	Go Maith	√	√
	Trá Bhearna na gCapall, Acaill	Go Maith	√	√
	An Caol, Acaill	Go Maith	√	√
	An Choim, Acaill	Go Maith	√	√
	Cill Ala, Trá an Rosa	Go Maith	√	√
	Cluain Cearbán, Trá an tSeanchinn	Go Maith	√	√
	Cluain Cearbán, Talamh Bán (An	Go Maith	√	√
	Mullach Rua, Béal an Mhuirthead	Go Maith	√	√
	Maoil Raithní	Go Maith	√	√
	Rinn Rua, Ceathrú Thaidhg	Go Maith	√	√
	An Caladh, Cliara	Go Maith	√	√
Comhairle Contae na Mí	An Inse/Baile an Bhiataigh	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Shligigh	Inis Crabhann	Go Maith	√	√
	An Mullach Mór	Go Maith	√	√
	An Ros	Dóthanac	√	X
Comhairle Contae Phort	Aird Mhór	Go Dona	X	X
	Bun Machan	Go Maith	√	√
	Cluain Fhia, Thoir	Go Maith	√	√
	Dún Mór, Trá an Chonsailéara	Dóthanac	√	X
	Dún Mór, Príomhthrá	Go Maith	√	√
	Trá Mhór, Príomhthrá	Dóthanac	√	X
Comhairle Contae na	Lilliput, Loch Ainninn	Go Dona	X	X
	Port na Seangán, Loch Uail	Dóthanac	√	X
	An Gearradh, Loch Léinn	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Loch	Baile Muine	Go Maith	√	√
	Cuan Bhaile na Cúirte	Go Maith	√	√
	Currach Cló	Go Maith	√	√
	Dún Canann	Dóthanac	√	X
	Caisleán Mhurchú	Go Maith	√	√
	Trá Ros Láir	Go Maith	√	√
Comhairle Contae Chill	Trá Bhré	Dóthanac	√	X
	Cuan an Bhriotáis Thuaidh	Go Maith	√	√
	Cuan an Bhriotáis Theas	Go Maith	√	√
	Trá an Chlogaigh	Go Maith	√	√
	Na Clocha Liatha	Go Maith	√	√
	An Trá Gheal	Go Maith	√	√

Nóta:

- Stádas cáilíocht uisce 'go maith' - géilleadh do luachanna treoracha agus éigeantacha an AE.
- Stádas cáilíocht uisce 'dóthanach' - géilleadh do luachanna éigeantacha an AE amháin.
- Stádas cáilíocht uisce 'go dona' - neamhghéilliúntas do luachanna treoracha agus éigeantacha an AE

Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable.

The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Heritage and Local Government.

OUR RESPONSIBILITIES

LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities.
- Waste Water discharges.

NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 2,000 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of - air, noise, waste, waste-water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by co-ordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments.
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies who are major generators of carbon dioxide in Ireland.

ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Co-ordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full time Board, consisting of a Director General and four Directors.

The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Headquarters, PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699

Regional Inspectorate
McCumiskey House, Richview
Clonskeagh Road, Dublin 14, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Regional Inspectorate
Inniscarra, County Cork, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara
Contae Chorcaí, Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Regional Inspectorate
John Moore Road, Castlebar
County Mayo, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Bóthar Sheán de Mórdha
Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

Regional Inspectorate
Seville Lodge, Callan Road,
Kilkenny, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn, Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

Regional Inspectorate
The Glen, Monaghan, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, An Gleann
Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
LoCall: 1890 33 55 99

Printed on an environmentally friendly paper stock